

RABHADH

CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfead marcanna.

Scríobh do Scrúduithe anseo ⇒

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL
(320 Marc)

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II.
Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
Ná scríobh freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS
LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA
I gCUID II A FHREAGAIRT.**

CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.

Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. Sainmhínigh na tosca táirgeachta seo a leanas:

(i) Talamh: _____

(ii) Bainistíocht (fiontraíocht): _____

2. Luaigh **dhá** chúis le hidirghabháil rialtais i ngeilleagar:

(i) _____

(ii) _____

3. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a rachaidh sé i bhfeidhm ar fheirmeoirí na hÉireann a onnmhairíonn táirgí talmhaíochta go dtí margadh na Ríochta Aontaithe má mhéadaíonn luach an euro (€) i gcoibhneas leis an bpunt (£) steirling:

(i) _____

(ii) _____

4. Luaigh **dhá** mhodh chun talamh a aistriú in Éirinn:

(i) _____

(ii) _____

5. Is é atá i bh**Foirmiú Caipitil Comhlán** ná tomhas de _____

6. In eacnamaíocht na táirgeachta, is é atá i leibhéal barrmhaitheasa an aschuir ná an leibhéal ar a mbíonn _____ chomh mór agus is féidir. Dá bhrí sin, faoi anailís imeallach, is féidir a bheith ag súil leis go méadóidh feirmeoir an t-aschur chomh fada agus atá _____ an táirge níos mó ná _____ imeallach an táirge.

7. Luaigh **dhá** mhodh a úsáideann feirmeoirí na hÉireann chun tionchar a imirt ar bheartas an rialtais:

(i) _____

(ii) _____

8. Is ‘praghasghlacadóirí’ iad feirmeoirí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cuar éilimh an fheirmeora aonair

9. Agus na sonraí a thugtar á n-úsáid agat, comhlánaigh an tábla seo a leanas:

Leasachán (tonaí)	Táirge Iomlán (tonaí)	Meántáirge (tonaí)	Táirge Imeachach (tonaí)
1	6		—
2	8		
3	9		

10. Má tá an t-éileamh ar earra praghas-neamhleaisteach, déanfaidh laghdú táirgeachta an t-ioncam iomlán a mhéadú. Mínigh an ráiteas seo.

11. Luaigh **trí** chineál de struchtúr margaidh:

(i) _____

(ii) _____

(iii) _____

12. Glac leis gurb é an luach atá ar ainmhí ná €800 i dtosach na bliana agus €950 ag deireadh na bliana. Luaigh conas ba chóir é seo a thaifeadadh agus leibhéal aschuir na feirme don bhliain á ríomh.

13. Má ghlactar leis gur earraí lagmheasa iad ‘damheireabail’, déanfaidh laghdú ar fhíor-ioncam tomhaltóirí an t-éileamh ar dhamheireabail a mhéadú.

Luaigh cé acu atá an ráiteas seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH**. _____

Mínigh do fhreagra: _____

14. Luaigh **dhá** mhodh chun dímheas a ríomh:

(i) _____

(ii) _____

15. Mínigh an téarma ‘cothromas’ agus tú ag tagairt do chláir comhardaithe feirme.

16. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomh a d’fhéadfadh feirmeoirí a chur san áireamh agus iad ag iarraidh réiteach a fháil ar dheacrachtaí acu a n-aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh de réir sceideal aontaithe.

(i) _____

(ii) _____

17. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as sonraí ó Mhóráireamh na Talmhaíochta 2010, a rinne an Phríomhoifig Staidrimh (CSO).

(i) _____

(ii) _____

18. Agus anailís chomparáideach á déanamh aige/aici, tá feirmeoir ag déanamh meastóireachta ar _____

19. Luaigh **dhá** chúis leis an ardú ar phraghsanna bia le déanaí:

(i) _____

(ii) _____

20. Luaigh **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun praghsanna ráthaithe a chur ar fáil d’fheirmeoirí:

(i) _____

(ii) _____

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS
LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA
I gCUID II A FHREAGAIRT.**

Cuid II (200 marc)


Freagair **ceithre** cheist.

Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.


Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

Ná scríobh freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

1. Sa léaráid thíos léirítear córas eacnamaíochta simplithe a bhfuil dhá aonad ann, teaghlaigh agus gnólachtaí. Léiríonn sé conas a idirghníomhaíonn na haonaid sin trí na margáí táirgí agus na margáí toasca.



- (a) Mínigh na ceangail, lipéadaithe **X**, **Y** agus **Z** thuas.
- (b) Dhá aonad breise a d'fhéadfadh a bheith i gcóras eacnamaíochta ná (i) an rialtas agus (ii) gnólachtaí idirmheánacha. Mínigh an ról atá ag **gach** aonad díobh.
- (c) Déan plé ar na toasca a mbíonn tionchar acu ar chinneadh gnólachta maidir le **gach** ceann díobh seo a leanas:
- (i) Cad is cóir a tháirgeadh
- (ii) Conas é a tháirgeadh. (50 marc)
2. (a) Mínigh na téarmaí boilsciú de bharr 'costbhrú' agus boilsciú de bharr 'tharraingt an éilimh'.
- (b) Sa léaráid thíos léirítear biashlabhra ginearálaithe.




D'fhéadfadh méaduithe ar phraghsanna bia tosú áit ar bith feadh an bhiashlabhra.

Déan plé ar conas is féidir le méaduithe ar phraghsanna bia tosú ag na céimeanna 1 go 4 ar an mbiashlabhra thuas, agus tagairt á déanamh agat do thalmhaíocht na hÉireann.

(50 marc)

3. Sa léaráid thíos taispeántar staid an tsoláthair agus an éilimh i gcás eorna i margadh na hÉireann.



- (a) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna, cuar an tsoláthair agus cuar an éilimh, mar aon leis an bpraghas cothromaíochta agus an chainníocht.
- (b) Glac leis go raibh séasúr iontach ag na feirmeoirí maidir le heorna a fhás. Agus an léaráid a tharraing tú á húsáid agat, léirigh **agus** pléigh an iarmhairt a bheidh aige seo ar phraghas cothromaíochta an mhargaidh agus ar an gcainníocht.
- (c) Is ar phraghasleasteachas an tsoláthair i gcás táirge talmhaíochta a bhraitheann méid an athraithe a thagann ar phraghas an táirge de thoradh athrú san éileamh. Pléigh an ráiteas sin, agus léaráid chuí á húsáid agat.

(50 marc)

4. Anseo thíos tá Clár Comhardaithe d'fheirm mar a bhí ar 31/12/10.

Sócmhainní €		Fiachais €	
Sócmhainní Seasta		Fiachais Fhadtéarmacha	
Talamh agus foirgnimh	450,000	Iasachtaí le hóc ar fhoirgnimh agus ar innealra	150,000
Innealra agus trealamh	250,000		
Stoc síolraíochta	80,000		
Sócmhainní Reatha		Fiachais Reatha	
Trádáil beostoic	40,000	Rótharraingt bhainc	20,000
Bia ainmhithe agus leasachán	7,000	Creidiúnaithe eile	12,000
Barra foráiste	15,000		
Barra indíolta	1,000		
Airgead tirim agus fiachóirí	20,000		
		Glanfhiúchas	?
Iomlán	863,000	Iomlán	?

- (a) Ríomh na fiachais iomlána agus an glanfhiúchas ón gClár Comhardaithe thuas.
- (b) Agus cóimheasa ábhartha á n-úsáid agat, déan staid ghearrthéarmach airgeadais na feirme **agus** staid fhadtéarmach airgeadais na feirme **araon** a mheas. Déan tagairt do *leachtacht* agus do *sócmhainneacht* i do fhreagra.
- (c) Sainaithin agus pléigh **trí** chineál árachais ba chóir d'fheirmeoir a chur sa mheá.

(50 marc)

5. (a) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí ar féidir le talmhaíocht cur le fás eacnamaíoch tíre.
- (b) Tá fás suntasach daonra agus fíor-ioncam méadaithe per capita ina lán geilleagar i mbéal forbartha (mar an tSín agus an India). Freisin tá na tíortha seo ag glacadh le teicneolaíocht nua talmhaíochta agus modhanna nua saothraíochta.
- Pléigh, le cabhair léaráide, na slite a bhféadfadh na hathruithe sin dul i bhfeidhm orthu seo a leanas:
- (i) An t-éileamh ar bhia **agus** soláthar an bhia sna tíortha seo.
- (ii) Praghas cothromaíochta an bhia sna tíortha seo.
- (50 marc)

6. Déan plé ar conas a chabhraíonn **gach** ceann díobh seo a leanas le forbairt na dTíortha Tearcfhorbartha (LDCs *i mBéarla*). Déan tagairt i do chuid freagraí do na sochair **agus** do na teorainneacha a bhaineann le **gach** ceann díobh.
- (a) Cúnamh Bia a chur ar fáil trí Chlár Bia an Domhain ag na Náisiúin Aontaithe.
- (b) Forbairt na Saorthrádála i dtáirgí talmhaíochta trí Eagraíocht Trádála an Domhain (WTO *i mBéarla*).
- (c) Gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí neamhrialtais mar Concern agus Trócaire.
- (50 marc)

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS
LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA
I gCUID II A FHREAGAIRT.**

Leathanach Bán